

# **Gaelscoil Adhamhnáin**

**Gleann Cearra, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall (074) 9126117**

**Cód Iompair**

## Cód Iompair

**Is Gaelscoil Chaitliceach í Gaelscoil Adhamhnáin, mar sin de, tugadh aitheantas don ethos agus do riachtanais áirithe na scoile nuair a bhímid ag cur ár gCód Iompair le chéile.** Gaelscoil Adhamhnáin is a Catholic all-Irish primary school. Therefore, in devising our code of behaviour, careful consideration has been given to the school's ethos and to the particular needs and circumstances of this school.

**Is mian leis an scoil atmasfeár a chothú ina dtugtar aitheantas do chearta achan pháiste oideachas a fháil i dtimpeallacht sábháilte. Le seo a chur i bhfeidhm tá comhoibriú idir fhoireann na scoile, daltaí agus tuismitheoirí riachtanach.** The school acknowledges the right of each child to education in a relatively disruptive-free environment. It is agreed that a high standard of behaviour requires a sense of community among staff, pupils and parents.

**Tá sé mar aidhm ag an scoil meas do chearta gach duine a chothú i measc na bpáistí agus tuigbheál a bheith acu ar an ngá atá le rialacha.** Children will be encouraged as far as possible to respect the rights of others and to see the need for rules and for correction.

**Is mian leis an scoil deá-iompar a chothú agus a fhorbairt in astmasfeár atá dearfach áit a dtig le páistí, tréna bhféin-smacht, a mhothú go bhfuil siad sabháilte agus dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbairt.** The school aims to foster and develop good behaviour in a positive atmosphere where pupils can, through developing self-discipline, feel secure and make progress in all aspects of their development.

**Tá freagracht iomlán sa scoil, ó thaobh smachta de, ag an bpríomhoide agus ag an bhpríomhoide tanáisteach. Tá cúram an smachta ina rang féin ina luí ar achan mhúinteoir agus freagracht orthu fosta smacht agus ord a chur i bhfeidhm sa scoil go hiomlán.** The overall responsibility for discipline within the school rests with the Principal and Deputy Principal. Each teacher has the responsibility for the maintenance of discipline within that classroom while sharing common responsibility for good order and safety in any area of the school environment.

### Amanna Scoile (School hours):

**9.20a.m. - 2.00p.m. - Naíonáin (Infants)**

**9.20a.m. - 3.00p.m. - Ranganna eile (all other classes)**

## Rialacha

### 1. Gaeilge

**Is í an Ghaeilge teanga ghnó agus chumarsáide na scoile go hiomlán. Is í an Ghaeilge teanga chaidrimh idir na múinteoirí agus na daltaí agus an teanga chaidrimh idir na daltaí féin i gconaí.**

Irish is the language of communication and interaction of the school.

### 2. Éide Scoile

**(a) Caithfear éide scoile iomlán agus bróga oiriúnach iomlán a bheith ar na páistí i gconaí.**

Full school uniform and appropriate footwear must be worn at all times.

**(b) Ar lá choirpoideachais caithfear éide spóirt agus bróga oiriúnach a chaitheamh.** Proper sports wear must be worn for P.E.

**(c) Ó thaobh sábháilteachta, níor chóir do pháistí seoda de shórt ar bith a chaitheamh ar lá spóirt.**

In the interest of safety jewellery must not be worn during P.E.

**(d) Ní cheadáitear fáinní cluasa crochta ar bith.** Stud earrings are the only type allowed.

### 3. Meas agus Deá-Iompar

**Is mian leis an scoil seo go mbeadh meas agus bród ag achán duine orthu féin, ar dhaoine eile, ar a dtimpeallacht agus ar an oideachas. Aithníonn an scoil gur chuid thabháchtach d'fhorbairt an pháiste é deá-iompar a thaispeáint agus cuirtear na rialacha seo i bhfeidhm leis an chuspóir seo a bhaint amach.**

This school wishes to instil in the children a sense of pride in themselves and in their environment, a respect for other people for their surroundings and for their education. The school recognises that an important part of each child's development is to be well behaved and these rules are in place to fulfil that aim

**(a) Nuair a bhuaitear an chlog stadann na páistí ag imirt, siúlfaidh siad agus déanfaidh siad líne ordúil láithreach do réir ranga.**

Once the bell is rung each child will stop playing and walk in an orderly fashion to join his/ her class in line.

**(b) Siúlfaidh siad ansin go ciúin chuig na suíocháin ins na seomraí ranga.**

The children will then walk quietly and take their seats in the classroom.

**(c) Seasann siad go taobh amháin má tá múinteoir nó duine fásta ag dul thart leo.** They will stand to one side to let any adult pass.

**(d) Caithfear fáilte a chur roimh chuirteoir ar bith a thig isteach na ranga agus múineadh maith a thaispeáint.**

Visitors to the classroom must be welcomed and respected at all times.

**(e) Caithfear meas agus urraim a thaispeáint i gconaí má tá siad ag déanamh ionadaíocht don scoil m.sh spóirt dráma, turas scoile agus rl.**

Children are expected to be well behaved and respectful when representing the school at sport, drama, school outings etc.

**(f) Ní cheadáitear drochfhocla a rá.** Bad language is forbidden.

**(g) Ní ghactar le bullaíocht de short ar bith. (Féach Polasaí Bullaíochta)**

No form of bullying will be tolerated. (See Bullying Policy)

- (h) **Caithfear meas agus urraim a thaispeáint do dhuine ar bith atá i bhfeidhm ranga.** Respect must be shown to all teachers - class teacher or visiting teacher – who have responsibility for the class.
- (i) **Má bhíonn ar an mhúinteoir an rang a fhágáil cuirfidh sé/sí sin in iúl don mhúinteoir béal dorais agus fágfar an dá dhoras ar oscailt. Beidh ar na páistí fanacht ina suí agus a bheith ciúin.** If a teacher has to absent himself / herself from the classroom for any reason, he/she should inform teacher next door and leave both classroom doors open. Pupils must remain seated and not raise their voices above conversational level.
- (j) **Bá chóir d’achan pháiste aird a thabhairt sa rang agus oibriú ar a ndícheall i gconaí, gan a bheith ag cur am an ranga amú.**  
Pupils will be attentive in class and will be expected to work to the best of their ability - no time wasting.
- (k) **Caithfear obair bhaile a bheith déanta go néata ach an oíche agus moltar go ndeanfaí tuismitheoir/coimeadaí é a scrúdú sula gcuireann sé/sí siniú leis an leabhar obair bhaile.** Homework must be neatly done each night. Parents/guardian should check work and sign homework notebook.
- (l) **Ní ghlacfar le páiste ar bith ag déanamh dochar ar bith don scoil nó d’ábhar scoile, nó d’abhar dhaoine eile.** Damage done by pupils to any item of school or personal property will not be tolerated.
- (m) **Tá Scéim Iasachta leabhar i bhfeidhm sa scoil, tá sé de dhualgas ar ach an pháiste aire a thabhairt do na leabhair.** Some text books are available to pupils under the School Lending Scheme, students have the responsibility of taking care of textbooks and not damaging them.
- (n) **Caithfear an scoil agus timpeallacht na scoile a bheith glan/néata agus saor ó bhruscar i gconaí.** The school and its environments must be kept clean, neat and free from rubbish.
- (o) **Tá sé mar pholasaí scoile go mbeadh lón slantiúil ag na páistí. Ní cheadaítear criospaí, seacláid, milseáin, brioscaí, guma coganta nó deoch mhilis.**  
It is school policy to encourage healthy eating. In that context, crisps, chocolates, sweets, biscuits, chewing gum, fizzy drinks etc. are not allowed.
- (p) **Ní cheadaítear tobac a usáid fa thimpeallacht na scoile.** Smoking is forbidden.
- (q) **Caithfidh nóta ag tabhairt cúis a bheith le ach an pháiste má tá sé/sí as láthair.** A reason for every absence must be given in writing.

#### 4. Sábháltacht

**Tá sé mar aidhm ag bainistíocht na scoile gur áit shlán shabháilte í timpeallacht na scoile i gconaí. Mar sin de:**

The management of the school aims to make the school environment a safe, secure place for each child. In that context:

- (a) **Ní cheadaítear rith nó a bheith garbh san fhoirgneamh in am ar bith. Ba chóir do na páistí siúl i líne ordúil ag fágáil nó ag siúl chun na ranga.** Running or rough play inside the school building is not allowed. Children should walk to and from their classroom in an orderly line.
- (b) **Mar a gcéanna ag fágáil an ranga trathnóna, bá chóir don rang siúl i líne i gcuideachta múinteoir an ranga go tosach na scoile.**  
Likewise when leaving classroom each evening, class should walk in an

orderly fashion, accompanied by class teacher to front of school building.

- (c) I rith am lón níor chóir do pháiste ar bith dul isteach sa scoil gan cead ón mhúinteoir ar dualgas.** No child is allowed inside the school building during break without prior permission from teacher on duty.
- (d) Ar eagla go leagfaí duine ar bith níor chóir go siúlfaidh páiste ar bith tríd an carrchlós.** Children should not walk through school carpark.
- (d) Níor chóir cluichí contúirteach a imirt sa chlós.**  
Games of a potentially dangerous nature will not be allowed.
- (e) Níor chóir rud ar bith a chaitheamh sa rang nó nótaí a chuir ó dhuine go duine.**  
Throwing items, writing or passing notes during class is not allowed.
- (f) Níl sé ceadaithe bheith ag luascadh ar chathaoireach.**  
No swinging on chairs.
- (g) Níl cead ag páiste ar bith an scoil a fhágáil gan cead i rith am scoile.**  
No child is allowed to leave the school (within school hours) without permission.
- (h) Páiste ar bith a bhfuil orthu an scoil a fhágáil roimh a 3.00, ba chóir nóta a bheith leis/leí agus caithfidh duine fásta theacht go dtí an oifig fana choinne/ coinne.** Where it is necessary for a child to leave school early, notification in writing must be sent by parents and a responsible adult must collect child from office.
- (i) Níl sé ceadaithe go mbeadh buidéal gloine leis na páistí.**  
Glass bottles are not allowed.
- (j) Ó thaobh néatacht agus sábháilteacht níl cead Tippex a úsáid.**  
In the interest of safety and neatness Tippex is not allowed.
- (k) Níl cheadaítear fón gluaiستهach a bheith le páiste i rith am scoile.**  
Children are not allowed to have mobile phone on their possession during school hours.

**Treoirínite chun deáileáil le Mí-iompar**  
**Recommendations to deal with Misbehaviours**

**Cuirfear na straitéisí seo i bhfeidhm.**

The following strategies will be used to show disapproval of unacceptable behaviour.

- 1. Labhairt leis an pháiste, go príobhaideach, agus rialacha na scoile a chur i gcuimhne do/dí.** The child will be spoken to, privately, and reminded of the school's Code of Discipline.
- 2. Scartha óna gcairde - gan cead súgradh ag am sosa.**  
Temporary separation from friends at lunchtime.
- 3. Obair bhaile bhreise le bheith sínithe ag tuismitheoirí.**  
Additional homework to be signed by parents/guardian.
- 4. Obair bhaile ag deireadh na seachtaine (Sínithe mar thuas).**  
Weekend homework (Signed as above).
- 5. Mionphribhléidí a bhaint díobha.** Loss of minor privileges.
- 6. Curtha chuig oifig an phríomhoide.** Sent to principal's office.
- 7. Páiste a choinneáil istigh ag am lón.** Detention.
- 8. Ma bhrisfear na rialacha arís cuirfear litir abhaile.**  
If rules are broken on a regular basis a letter will be sent home.
- 9. Muna bhfuil biseach ar iompar an pháiste iarrfar ar na tuismitheoirí theacht isteach.** If child's behaviour does not improve parents will be called in to discuss the matter.
- 10. Muna bhfuil réiteach ar an fhadhb cuirfear fa-choinne tuismitheoirí arís agus cuirfear in iúl daoibh cén toradh a bhéas ar mhí-iompar .i. curtha ar fionraí.** If problem continues, parents will be called in and will be made aware of consequences of continued disruptive behaviour .i. suspension.
- 11. Mórphribhléidí a chailleadh.** Loss of major privileges.
- 12. Páiste ar fionraí / a dhíbirt ón scoil do réir treoirínite na hAchta Oideachais 1998.** Suspension / Expulsion, in accordance with the Education Act 1998, will be considered in exceptional circumstances.
- 14. I gcásanna áirithe beidh cuidiú proifisiúnta ón taobh amuigh de dhith.**  
In some cases outside professional help may be sought.

**Deá-Iompar**

**Beidh múinteoirí an ranga agus an múinteoir ar dualgas sa chlós ag glacadh nóta d'iompar na bpáistí agus beidh scéim mollta i bhfeidhm i ngach rang agus sa scoil.** Teachers will keep a record of class and yard behaviour and a reward scheme will be in operation.